

CHUAIGH AN MHUICÍN SEO AR AN AONACH

Chuaigh an mhuicín seo ar an aonach;

D'fhan an mhuicín seo ag baile;

Fuair an mhuicín seo arán is im;

Ní bhfuair an mhuicín seo dada;


“Bhíoc, bhíoc, bhíoc,” arsa an bainbhín,

“Tá ocras ormsa.”



AON, DÓ,
MUC IS BÓ

Aon, dó,
Muc is bó,
Trí, ceathair,
Bróga leathair,
Cúig, sé,
Cupa té,
Seacht, ocht,
Seanbhean bhocht,
Naoi, deich,
Císte te.



AG IARRAIDH DUL A CHODLADH

Ag iarraidh dul a chodladh, a chodladh, a chodladh,
Ag iarraidh dul a chodladh atáimse.

Ag iarraidh dul a chodladh,
In airde ar an lochta,
In áitín shocair shásta.



RANNTA TRADISIÚNTA

Cén fáth go múiní rannta traidisiúnta? Cén teanga a labharfaidh an leanbh? Cén teanga is túisce a mheallfaidh an óige? Braithfidh freagraí na gceisteanna úd ar thaithí theanga an duine óig. Caithfear an naíonán a chur chun suain. Caithfear an bhunóc a bhréagadh. Caithfear sult is taitneamh a thabhairt don leanbh. Is chuige sin an rann traidisiúnta!

Is leis an rann traidisiúnta a fhoghlaimíonn an naíonán rithim agus séiseanna cainte i ngan fhios dó féin sa suantraí agus sna capaillíní. De réir mar a bhíonn an leanbh ag dul in aois foghlaimíonn sé rannta comhairimh is dréimire, cluichí teanga is díbeartha, athráite, comhráite, tomhasanna is raiméis. Táid ar fad sa chnuasach seo.

RANNTA TRADISIÚNTA I nGAEILGE

CÚLRA

Tá na rannta traidisiúnta i nGaeilge á gcothú sa traidisiún béil le fada. Is deacair aois a chur orthu, ach ba le fás na hathbheochana in Éirinn agus le bunú an tSaorstáit sna fichidí a tugadh faoi rannta traidisiúnta i nGaeilge a sholáthar agus a chur i gcló den chéad uair, cé go raibh rannta traidisiúnta á bhfoilsíú sa Bhéarla le breis is céad go leith bliain roimhe sin. Ina theannta sin aistríodh rannta Béarla go Gaeilge agus cumadh rannta úra chomh maith. Tá na trí shórt rainn sa chnuasach seo.

B'é Pádraig Ó Siochfhradha (an Seabhadh), laoch Chorca Dhuibhne na hathbheochana, ba thúisce a thuig fiúntas an bhéaloidis chun ábhar Gaeilge a sholáthar d'fhoghlaiméoirí óga agus é ina eagarthóir ar an gComhlacht Oideachais, a d'fhoilsigh scata leabhar bunscoile ina raibh rannta traidisiúnta, suas le trí fichid bliain ó shin.

Foilsíodh roinnt leabhrán le rannta traidisiúnta do leanaí ó shin, ach is é *Cnugaide Cnugaide* (Baile Átha Cliath, 1988) le Nicholas Williams an cnuasach rannta traidisiúnta Gaeilge is cuimsithí dá bhfuil againn, agus tá roinnt rannta atá sa leabhar úd sa chnuasach seo.

RANNTA TRADISIÚNTA AGUS TOGRA BÉALOIDIS

I mBUNSCOILEANNA CHORCA DHUIBHNE

Is é sprioc na míre seo den togra béaloidis ná pacáiste oideachais—leabhrán le léaráidí daite, chomh maith le notaí, téip agus dlúthcheirnín ar na rannta traidisiúnta—a fhorbairt, a thacódh le múinteoirí agus le daoine fásta an ghné seo dár dtraidisiún a roinnt leis an nglúin óg. Bheadh béim ar leith ar insint na rannta i gcanúint Chorca Dhuibhne ar mhaithe le foghlaim na teanga.

CUR CHUIGE

Sa scoilbhliain 1994/95 dhírigh an togra béaloidis ar na rannta traidisiúnta san insint bhéil. Réitíodh cnuasach de bhreis is céad go leith rann traidisiúnta, mórchuid de na rannta seo ó insint bhéil Chorca Dhuibhne agus a thuilleadh acu a bhíodh á múineadh ag na bunmhúinteoirí féin le blianta roimhe seo. Bhí breis is tríocha rang leanaí ó naíonáin shóisireacha go rang 3 páirteach i gclár cuimsitheach foghlama, agus thacaigh foireann an togra leis na múinteoirí agus an t-ábhar á thástáil agus á fhorbairt acu.

Sa scoilbhliain 1996/97 dhírigh an togra ar rogha rannta—an tríocha rann nó mar sin ba mhó a thaitin leis na leanaí is na múinteoirí ó chlár na bliana roimhe sin—agus é mar aidhm insint na leanaí a thaifead don phacáiste. Roghnaíodh dhá bhunscoil don chúram sin, Scoil an Fheirtéaraigh, Baile an Fheirtéaraigh, agus Scoil Naomh Gobnait, Dún Chaoin. Tá insint na leanaí roghnaithe ón dá scoil úd maille le guthanna na ndaoine fásta le clos ar an taifead. Deineadh an ceol a ghabhann leis na rannta a fhorbairt le linn na tréimhse seo chomh maith.

MODH MÚINTE

Is chun taitnimh na rannta traidisiúnta seo, agus cuimhnimis gur áis iontach iad chun caidreamh taitneamhach a chothú idir an leanbh is an duine fásta. Níl aon mhodh ar leith chun an rann traidisiúnta a roinnt leis an nglúin óg. Éistíodh an leanbh leis an rann á rá ag an múinteoir nó ag an duine fásta nó seinntear an rann ar an téip nó ar an dlúthcheirnín.

Thar aon ní eile, is don insint os ard na rannta traidisiúnta. Baineadh na leanaí taitneamh as rithimí nádúrtha na teanga. Téidís i ngleic leis na foghair is na fuaimeanna úra atá á seoladh chun a gcluasa agus cuiridís a dteanga mórthimpeall orthu. Más ar an rithim agus ar cheol na bhfocal a bhraitheann fiúntas rainn, agus is amhlaidh atá le mórchuid de na rannta sa chnuasach seo, bíodh an bhéim ar insint rithimiúil agus ar fhoghraíocht chruinn.

Cruthóidh rithimí úra agus fuaimeanna taitneamhacha an cheoil a ghabhann leis na rannta draíocht in aigne na leanaí a sheolfaidh ar bhóthar na cruthaitheachta iad. Tugtar scóip agus spreagadh do shamhlaíocht an linbh san insint, sa tuiscint, sa ghluaiseacht agus sa gníomh drámata. Má leanann gníomh nó gluaiseacht an rann, cuirtear na focail agus an gníomh nó an ghluaiseacht in aithne in éineacht. Má leanann cluiche an rann, cuirtear na focail in aithne ar dtús agus ansin mínítear an cluiche.

Ar deireadh, cé gur rannta do leanaí iad seo, ní thugtar aois ar leith do rann ar leith, mar gur éidir leis an leanbh tuiscint a bhaint as an rann ar a leibhéal féin ó thaobh rithime, focail agus gníomh de. Mar sin féin, tá na rannta ag deireadh an leabhair níos oiriúnaí do leanaí níos sine.

NÓTAÍ BEATHAISNÉISE

Roibeard Ó Cathasaigh: I bPáirc an Teampaill, Lios Póil, Corca Dhuibhne, a saolaíodh Roibeard Ó Cathasaigh i 1952. Tógadh le Gaeilge é agus ghnóthaigh sé céim sa Léann Ceilteach i gColáiste Phádraig, Maigh Nuad. Is léachtóir le Gaeilge é i Roinn an Oideachais, Coláiste Mhuire Gan Smál, Ollscoil Luimnigh. Tá suim ar leith aige i ndúchas na muintire a athmhúnlú go cruthaitheach agus a bhuanú sa ghlúin óg. Chuige sin, an Togra Béaloidis i mBunscoileanna Chorca Dhuibhne atá á stiúradh aige ó 1991.

Deirdre Lyons Doyle: Bleá Cliathach í Deirdre a chuaigh le healaín mar shlí bheatha sna seascaidí. Oileadh le líníocht faisin is le sceitseáil deilbhe í sa Choláiste Náisiúnta Ealaíona i mBaile Átha Cliath. Thug sí tamall de bhlianta mar ealaíontóir tráchtála is mar mhaisitheoir faisin. Tá roinnt leabhar Gaeilge do leanaí maisithe go dtí seo aici, ina measc *Ráfla* agus *An Chóisir*. Tá úire, beocht agus nádúrthacht sna léaráidí léi i *Rabhlaí Rabhlaí*.

Stiofán Ó Cuanaigh: Saolaíodh Steve i Melbourne na hAstráile i 1953. Tá seacht mbliana déag dá shaol caite in Éirinn aige, aon bhliain déag acu sin i gCorca Dhuibhne. Áirítear é ar dhuine de mhórchéoltóirí traidisiúnta na linne seo in Éirinn. Ceoltóir uirlise agus cumadóir ceoil é a sheinneann giotár, maindilín, méarchlár, drumáí, dord is didgeridoo! Tá páirtíocht rathúil ceoil aige leis an gceoltóir is an t-amhránaí clúiteach Séamus Ó Beaglaoi. Bronnadh *Gairm Siamsaíochta Ceoil na hÉireann* (traidisiúnta) orthu i 1997. Tá comaoin curtha ag Steve ar *Rabhlaí, Rabhlaí* lena ardéirim cheoil.

Bab Feiritéar: Saolaíodh Bab Feiritéar i mBaile na hAbha, Dún Chaoin, i 1916. Múnláíodh i dtobar na scéalaíochta is na seanchaíochta le linn a hóige í. Mícheál Ó Guithín a hathair críonna agus Tadhg Ó Guithín a huncail. Ardscéalaithe iad beirt a bhí in aontíos léi agus í ag fás aníos. Seanaintín di ab ea Máire Ruiséal, an Tobar. Scéalaí den scoth is ea an Bhab, a bhíonn le clos go minic ar Raidió na Gaeltachta. Tá comaoin mhór curtha ag an Bhab ar an Togra Béaloidis lena comhoibriú leanúnach. Roinn sí a stór rannta is seanchais go fial orainn sa stiúideo agus sna bunscoileanna mar a raibh sé de phríbhléid ag an nglúin óg í a chlos ina steillbheatha. Is mór againn a guth binn a bheith le clos anseo. Gura fada buan í!

Mícheál Ó Sé: In Ard na Caithe a saolaíodh Mícheál Ó Sé i 1946. Tá céim sa Léann Ceilteach aige ó Choláiste Phádraig, Maigh Nuad. Craoltóir le Raidió na Gaeltachta é Mícheál ó bunaíodh an stáisiún i 1972. Tá clú agus cáil tuillte ag Mícheál Ó Sé lena ghuth binn líofa ag tráchtairacht agus ag craoltóireacht ar fud Chríocha Fódhla. Is seoda iad insintí Mhichíl ar na rannta i *Rabhlaí, Rabhlaí*.